

LUX FILM DAYS

3 SCANNÁN
24 THEANGA
28 dTÍR



WOMAN AT WAR (KONA FER Í STRÍÐ)

Scannán de chuid Benedikt Erlingsson
An Íoslainn, an Fhrainc, an Úcráin



WOMAN AT WAR (KONA FER Í STRÍÐ)

SCANNÁN DE CHUID BENEDIKT ERLINGSSON

Is stiúrthóir cóir i Réicivíc í Halla (50 bliana d’aois). Tá an-ghrá aici dá tír dhúchais, an Íoslainn, agus don fhiadhúlra neamhchoitianta, agus is cúis mhór imní di an téamh domhanda agus na tubaistí éiceolaíocha. Thar aon rud eile, tá an ghráin shaolta aici ar na moltaí atá ann go méadófaí an mhonarcha alúmanaim. Faoi chaim, déanann sí loitiméireacht ar na sreanga ardvoltais chun go gcuirfidh sí oibriú na monarcha ó rath agus chun feasacht ar an gceist a ardú. Ach tagann scéala aniar aduaidh uirthi a chuireann isteach ar an gcúis atá á troid aici. Tá sí le roinnt mhaith blianta ag iarraidh leanbh a uchtú, agus deirtear anois léi go bhfuil cailín beag ag fanacht uirthi san Úcráin.

Is finscéal éiceolaíoch atá in *Woman at War* a cheistíonn, go minic le beagán grinn, an treo agus an tábacht atá le gníomhartha an duine aonair le hais easpa gníomhaíochta lucht an údarais dul i ngleic le hathrú aeráide.

FINSCEÁL ÉICEOLAÍOCH

Sonraítear láithreach gur finscéal éiceolaíoch atá in *Woman at War*. Sa chéad radharc den scannán, feictear Halla ag scaoileadh saighde as bogha chun go gcruthófaí trasnascadh idir na cáblaí i líne ardvoltais. Ar an gcaoi sin cuireann sí carachtair ar nós William Tell nó Robin Hood i gcuimhne dúinn — duine aonair a dhéanann gaisce ar leith trí ghníomh suntasach a chur i gcrích go paiteanta. Treisítear an dearcadh sin lena dtagann ina dhiaidh sin sa scannán, nuair a thugtear dúinn gurb é atá ar siúl ag Halla, duine umhal ach fós lánmhuineach, ná fogha a thabhairt faoi mhonarcha alúmanaim — céile comhraic atá go mór fada níos cumhachtaí ná í. Nuair a admhaíonn sí gurb í a rinne an loitiméireacht is “Bean na Sléibhe” a thugann sí uirthi féin, agus nuair a dhéantar taifeadadh uirthi le drón, tá a héadan ceilte aici le masc (de Nelson Mandela) — rud a chuireann tuilleadh nirt leis an iomhá seo de “dhíoltasaí an phúicín”.

Tá gnéithe eile sa scannán atá cosúil le finscéal nó le fabhalscéal. Taobh amuigh den easpa eolais a thugtar i dtaobh an phríomhcharachtair (Cén cúlra atá aici? Cén slí bheatha atá aici?), thabharfá suntas, mar shampla, don bhearna idir an lucht féachana agus imeachtaí an scéil a chruthaítear nuair a thaispeántar ceolfhoireann nó triúr amhránaithe as an Úcráin go rialta sa scannán. Is saghas léiriú ar mhothúcháin Halla iad an dá ghrúpa seo, a thagann os ár gcomhair in amanna mar dhroch-chomhlúadar agus in amanna eile mar churfá ársa a chuireann stop le gnáthamh bunúsach na scannánaíochta ficsin. Cé gur gné bhunúsach den scannánaíocht atá ann go mbeimis in ann ár mbreithiúnas criticiúil a fhágáil i leataobh ar feadh meandair chun go gcreidfimis a bhfuil á fheiceáil againn, meabhraítear dúinn gur ficsean atá os ár gcomhair nuair a fheicimid na ceoltóirí nó na hamhránaithe romhainn amach ar an scáileán.

Ach b’fhéidir, thairis sin, gurb é rogha an radharcra nó a ghinearálta atá an friotal is mó a nascann an scannán seo le finscannán: ní dhéantar aon fhorbairt ar a bhfuil i ngeall leis an gcoimhlint idir Halla agus an tionscal. (Cén fáth gurb é tionscal an alúmanaim atá ag dó na geirbe ag Halla seachas aon tionscal eile? Cén chontúirt don chomhshaoil atá á cothú ag an tionscal sin? Céard atá athraithe ag na hinfheisteoirí ón tSín? Céard go díreach a bhfuil Halla ag súil leis? Ní thugtar freagra ar aon cheann de na ceisteanna sin.) Níl ann ach go bhfuil Halla ag cosaint an fhiadhúlra, atá bunriachtanach do shaol an duine agus, ar scála níos mó, do bhith na beatha ar domhan agus mar sin tá sí i gcoinne an tionscail agus an truaillithe a bhfuil baint mhór acu leis an athrú aeráide agus leis an iliomad tubaistí éiceolaíocha ar fud an domhain. “Ní mise atá as bealach,” a deir sí leis an bhfeirmeoir a thagann i gcabhair uirthi, “ach iadsan”. Tá an agóidíocht sách bunúsach, í dubh agus bán, mar a bhíonn sna finscéalta.

COMHRAC AONAIR

An scéal seo faoi Halla, duine neamhshuntasach atá ina haonar, agus a tharraingíonn uirthi tionscal cumhachtach idirnáisiúnta, is fantasaiocht atá ann ina léirítear an smaoineamh “an domhan a athrú ar do chonlán féin”. Ar bhealach is díol sásaimh é duine a fheiceáil ag briseadh an dlí ar mhaithe le cúis a mheastar a bheith cóir agus í á dhéanamh sin faoi chomh. Tarraingtear isteach ag an aicean, ag an mbaol agus ag an tinneall, is cinnte go ligeann an lucht féachana uathu, ar feadh meandair, aon bhreithiúnas criticiúil chun tacú le dánacht an charachtair. Ach ní chuirtear os ár gcomhair an díospóireacht is cúis le gníomhartha seo Halla; ní fhaighimid amach faoi ach amháin trí radhairc ina bhfuil tuairiscí nuachtán agus cláir á gcrualadh ar an teilifís agus iad ag caint ar an loitiméireacht agus an dochar atá á dhéanamh aige sin don eacnamaíocht, go dtí an lá a luann duine éigin “Bean na Sléibhe” agus é ag casaoid go bhféadfadh sé go n-ardódh an costas maireachtála. Dá réir sin, d’fhéadfadh tionchar díultach a bheith ag gníomhartha Halla ar “shaol na ndaoine” (go háirithe na daoine bochta, ar cinnte nach iad sin is sprioc do na hionsaithe). Is cinnte gur beag a chuirfeadh an tuairim sin isteach ar Halla, murach gur chuir Asa, a leathcheann cúpla, a ladar sa scéal agus amhras a chaitheamh ar an bhfiúntas a bhaineann le gníomhaíocht aonair ar feadh i bhfad. An bhfuil sé ceart nó cóir rudair a dhéanamh a imríonn tionchar ar dhaoine nach iad sin is cúis leis an rud atá tú ag cur ina aghaidh?

Cé gur fearr le Halla gníomhaíocht dhásachtach a dhéanann difear mór chun freagairt d’fhadhb thromchúiseach a gcaithfeadh freagairt láithreach dó, seasann Asa leis an smaoineamh gur tairbhí go leor gníomhartha beaga a bhfuil iarmhairtí teoranta leo — “bailíonn brobh beart”, a deir sí. Á mheabhúr seo dúinn, ní hé amháin gur cor gan choinne atá in uchtú Nika a thabharfadh ar Halla maolú ar a beartaíocht thrí ghearradh siar ar a cuid treallghníomhaíochta agus trína forógra a fhoilsiú níos túisce ná mar a bhí beartaíthe, ach is dúshlán ann féin é — tarthálar Nika, tugtar saor ón gcruatan agus ón uaigneas (agus ó na tuilte) i. Dúirt Asa gurb é atá uaithe “an domhan mór a tharrtháil” freisin. Mar sin, tá an dá dhearcadh chodarsnacha seo ann (éachtaí an chun cuspóirí uailmhianacha a bhaint amach i gcomparáid le gníomhartha tomhaiste le cuspóirí réasúnacha, ach trína ndéanamh arís is arís eile go bhféadfaí athrú ó bhonn a bhaint amach) agus tagann siad le chéile mar gheall ar an gcaillín beag seo, a dtiocfaidh athrú ar a saol nuair a uchtófar í ach freisin go n-athróidh an t-uchtú saol a máthar agus cinnte saol na ngaolta.


COMHRAC POLAITIÚIL

Leis an loitiméireacht, ní amháin go bhfuil ionsaí á dhéanamh ag Halla ar thionscal san Íoslainn, ach ar an rialtas freisin. Is chun leasa an rialtais é nach gcuirtear isteach ar an ngeilleagar. Is comhrac polaitiúil atá ar siúl ag Halla. Thairis sin, ina forógra, tugann sí íslíú céime do dhlíthe an lae inniu agus tugann sí tús áite do dhlíthe eile, dlíthe níos uaisle; dlíthe a sinsir mar shampla. Dar le Baldwin, a comhghleacai laistigh den roinn rialtais, is foclaíocht é sin atá ciotach nó fiú mí-oiriúnach. Go deimhin, is gearr a thóg sé ar na meáin a bheith ag tuairimíocht faoi céard a bheadh i gceist leis na “dlíthe” eile sin. D’fhéadfaí dáiríre gach cineál céille a bhaint astu, ó na tuiscintí is áibhéilí go dtí na tuiscintí is antoiscthí. Agus na meáin ag clúdach an scéil, tarraingítear anuas an focal “daonlathas”; is gníomhaíochtaí neamhdhaonlathacha atá ar siúl ag “Bean na Sléibhe” mar gur de thoil an duine aonair atáthar á ndéanamh. Ach taobh amuigh den reitric agus de na focail a úsáideann na meáin agus an rialtas — mar shampla an focal “foréigeán” a úsáid chun trácht a dhéanamh ar an loitiméireacht atá ar siúl agus Halla ag tagairt siar don oidhreacht neamh-fhoréigneach a tháinig ó Gandhi nó Nelson Mandela — tugann an scannán tuairisc ar dhá réaltacht atá cuid mhór ag teacht trasna ar a chéile. Le linn don rialtas agus do na meáin a bheith ag agairt an daonlathais, cuirtear isteach ceamaraí faireachais, baintear leas as an teicneolaíocht is nua-aimseartha chun an loitiméir a aimsiú, iarrtar ar an bpobal sceitheadh ar an loitiméir agus brúitear faoi chois an fhorógra trí na meáin a spreagadh gach deis a ghlacadh chun “Bean na Sléibhe” a cháineadh agus déantar turasóir bocht as Meiriceá Theas a ghabháil trí huair. Thairis sin, déantar ceap magaidh d’Uachtarán na Poblachta nach bhfuil ann anois ach mar a bheadh treoraí do thurasóirí. Maireann Halla de réir a cuid prionsabla ar bhealach atá in oiriúint don fhiadhúlra: luíonn sí siar ar an talamh lena grua leis an talamh, tá cur amach aici ar an sliabh agus baineann sí buntáiste as na háiteanna folaigh atá ar fáil ann, cibé acu an scailp, an conablach caorach nó fiú uisce na habhann a dtumann sí isteach ann chun éalú ón drón. I dtaca leis an bhfeirmeoir a thagann i gcabhair uirthi, déanann seisean beart mar go meastar go bhfuil gaol éigin idir an dá theaghlach, rud a léiríonn a láidre atá an comhtháthú sóisialta agus teaghlai, agus is éifeachtaí i bhfad an cúnamh sin a thugann sé mar go bhfuil cur amach aige ar an gceantar máguaird: an bealach a mholann sé do Halla a thabhairt uirthi féin chun éalú ionas go mbainfeadh sí leas as na teofhuarain chun í féin a théamh arís. Gan trácht ar na caoirigh, siombail d’aoireacht na sinsear, a fhónann mar áit fholai, agus tearmainn do Halla.

Ní lú ná sin tá neamhspleáchas na hÍoslainne, agus fógairt Phoblacht na hÍoslainne, a luaitear roinnt uaireanta sa scannán. Ach ní luaitear iad sin ach mar scéalta a insíonn ceannaire an Stáit agus é ag stiúradh cuairt turasóireachta ar láthair Thingvellir — an áit ar socraíodh bunú na Poblachta, ach ar an lámh eile is mór i gceist ag Halla iad sin, bean a scaipfidh a forógra os comhair fhoirgneamh na Parlaiminte agus in aice le dealbh Jon Sigurdsson, ceannaire na gluaiseachta síochánaíochta chun neamhspleáchas a bhaint amach don Íoslainn. Is mór i gceist freisin iad don fheirmeoir atá ag iarraidh a charr a thabhairt leis sula dtosóidh an fhéile náisiúnta. Ag sonrú dúinn a thréine atá Halla, lena toiliúlacht, soineantacht, dílseacht agus áitiús, is inchreidte atá sí mar charachtar ná mar atá beartaíocht agus fadbhreathnaitheacht chomhairleoirí an uachtaráin.

DOIMHNE GAN CHOINNE?

Fágann an íomhá dheiridh den scannán beagán ar ár míshuaimhneas sinn. Is díol spéise i dtaobh an scannáin seo, mar a bhfuil a áit féin ag an eachtraíocht agus ag an ngreann, gur mar seo a chríochnóidh sé: feictear na carachtair, eadhon Halla agus a cailín beag ina baclainn aici mar aon leis an seisear ceoltóirí a bhíonn á tionlacan i rith an scannáin ar fad, ag teacht amach den bhús agus iad ag siúl san uisce — ag imeacht uainn lena ndroim iompaithe linn. Maidir le críoch shona an scannáin — Halla ag filleadh abhaile le Nika bheag — tá sé millte ag tocht aisteach éigin, ag sollúntacht áirithe. Agus iad ag filleadh ar an Íoslainn, bíonn orthu limistéar faoi thuilte a thrasnú de shiúl a gcos, rud a fhágann ag smaoineamh muid go mb'fhéidir go bhfuil dea-chríoch le scéal aonair laoch an scannáin agus don chailín beag, ach nach bhfuil deireadh fós leis an scéal iomlán trí chéile. In áiteanna éagsúla ar fud an domhain, tá daoine bochta ann atá fós ag cailleadh a dtithe, a maoine agus a dtalún mar gheall ar thubaistí atá ag eascairt as an athrú aeráide.





© Slot_Machine

CÚPLA CEIST CHUN LÉIRTHUISCINT NÍOS FEARR A FHÁIL

- Ar an gcéad amharc, cé is mó a thacaíonn tú le dearcadh Halla nó le dearcadh Asa? An gceapann tú gur fearr an “buille láidir” chun rudaí a athrú nó rudaí beaga a dhéanamh go rialta chun athruithe móra a bhaint amach? An gceapann tú go bhfuil an comhrac in aghaidh an téimh dhomhanda chomh práinneach sin nach leor na bearta beaga rialta?
- I bhfianaise na bpictiúr de Nelson Mandela agus de Gandhi atá sa teach, tugtar le tuiscint gur frithbheartaíocht neamh-ghoréigineach atá i gceist ag Halla, agus sa scannán, tríd an ngreann a úsáidtear go minic, is cinnte go dtacaímid le Halla. An gceapann tú gur féidir an greann a úsáid mar arm comhraic? Cén comhthéacs a d’fheilfeadh dó sin? Cén uair a bhféadfai é a dhéanamh?
- I gcarachtair na beirte deirfiúracha, sonraítear teacht le chéile ar bhealaí éagsúla. Tá an teacht le chéile seo le feiceáil i gcomhcheol an chóir, sna geáitsí taidh tsí, i struchtúr comhréireach an fhiadhúla, i gcomhghluaiseachtaí ióga, etc. Nach féidir a rá freisin go bhfuil teacht le chéile ann ar an taobh eile de speictream “fealsúnach” an scannáin, sa mhéid go bhfuil comhoibriú idir na tionscail mhóra a bhfuil Halla ag cur ina gcoinne? Na sreanga ardvoltais a fhéachann Halla a chur ó mhaith, nach cineál teacht le chéile cumhachtach agus saorga iad sin freisin?
- An aontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas ó Asa: “An bhfuil sé i gceist agat leanbh comh maith leis an domhan mór a tharrtháil?” Dar leat, céard is brí leis an abairt sin?

les grignoux



SCANNÁNAÍOCHT EORPACH DO PHOBAIL NA HEORPA

Leantar ar aghaidh leis an éagsúlacht iontach de sheánraí agus de dhearcthaí a fheiceáil i scannáin de chuid na stiúrthóirí óga Eorpacha a bhfuil talann acu agus a chuireann isteach ar dhuais LUX. Is mór ag Parlaimint na hEorpa na trí scannán atá san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX 2018 a chur i láthair:

STYX, scannán de chuid Wolfgang Fischer (an Ghearmáin agus an Ostair)

THE OTHER SIDE OF EVERYTHING (*Druga strana svega*), scannán de chuid Mila Turajlić (an tSeirbia, an Fhrainc agus Catar)

WOMAN AT WAR (*Kona fer í stríð*), scannán de chuid Benedikt Erlingsson (an Íoslainn, an Fhrainc agus an Úcráin)

Tugann na scannáin aghaidh ar ábhair reatha, ar bhealach croíúil, cliste agus tugann siad léiriú ar a bhfuil os comhair na hEorpa i láthair na huair. Léiríonn siad carachtair a osclaíonn a súile ar an domhan mórthimpeall orthu chun tuiscint a fháil ar an saol mar atá i ndáiríre, agus ar an tsochaí agus an pobal lena mbaineann siad. Cuireann mothúcháin na scannánaíochta lenár scéalta agus mar sin léirítear caighdeán agus éagsúlacht na scannánaíochta Eorpaí, chomh maith lena ról tábhachtach maidir le luachanna na sochaí agus pobail chultúrtha a chur chun cinn. Tugaimid cuireadh duit na scannáin a fheiceáil ag an seachtú heagrán de LAETHANTA SCANNÁIN LUX.

DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX

Tá ról bunúsach ag an gcultúr sa chaoi ina gcruthaítear ár sochaí.

Ar an ábhar sin, chuir Parlaimint na hEorpa tús le DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX in 2007. Leis seo tá súil ag an bParlaimint cur leis an méadú ar dháileadh scannán Eorpach ar fud na hEorpa agus díospóireacht Eorpach a spreagadh maidir le mórcheisteanna na sochaí.

Is tionscnamh eisceachtúil é DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX. Ós rud é nach mbíonn an chuid is mó de na comhléiriúcháin Eorpacha le feiceáil ach amháin sa tír ina ndearnadh an scannán agus gur fíorannamh a dháiltear in aon áit eile iad, fiú amháin laistigh de AE, is deis neamhchoitianta atá in DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chun fotheidil 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a chur ar thrí scannán Eorpacha.

Déanfaidh Feisirí de chuid Pharlaimint na hEorpa vóta a chaitheamh chun buaiteoir DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX a roghnú agus an 14 Samhain 2018 fógrófar cé acu scannán a thug an chraobh leis.

LAETHANTA SCANNÁIN LUX

D'eascair LAETHANTA SCANNÁIN LUX as DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chomh maith. Ó 2012 i leith, cuirtear na trí scannán atá san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX i láthair don phobal Eorpach is mó le linn LAETHANTA SCANNÁIN LUX.

Is deis iad LAETHANTA SCANNÁIN LUX chun páirt a ghlacadh in ócáid chultúrtha gan teorainn nach ndéanfar dearmad uirthi. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 go mí Eanáir 2019, féadfaidh tú teacht le chéile le daoine eile as gach cearn den Eoraip a bhfuil dúil acu sa scannánaíocht trí fhéachaint ar na trí scannán i gceann de 24 theanga oifigiúla AE. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh don scannán is fearr leat ar ár suíomh gréasáin luxprize.eu nó ar ár leathanach Facebook!

AN tAITHEANTAS POBAIL

Is é an tAitheantas Pobail an gradam a dhámhann an lucht féachana in DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh do cheann de na trí scannán roimh an 31 Eanáir 2019. B'fhéidir go mbeadh seans agat freastal ar fhéile idirnáisiúnta scannánaíochta Karlovy Vary i mí Iúil 2019 — le cuireadh ó Pharlaimint na hEorpa — agus teideal an scannáin a gheobhaidh an t-aitheantas pobail a fhógairt.

FÉACH,
PLÉIGH &
VÓTÁIL



@luxprize



#luxprize

LUX
PRIZE
.EU

STIÚRTHÓIR: Benedikt Erlingsson

SCRIPT SCANNÁIN: Benedikt Erlingsson, Ólafur Egill Egilsson

FOIREANN AISTEOIRÍ: Halldóra Geirharðsdóttir, Jóhann Sigurðarson, Juan Camillo Roman Estrada, Jörundur Ragnarsson, Davíð Þór Jónsson, Magnús Tryggvason Eliassen, Ómar Guðjónsson, Haraldur Stefánsson

STIÚRTHÓIR FÓTAGRAFAÍOCHTA: Bergsteinn Björgúlfsson

LÉIRITHEOIRÍ: Marianne Slot, Benedikt Erlingsson, Carine Leblanc

LÉIRIÚCHÁN: Slot Machine, Guldrengurinn, Solar Media Entertainment, Köggull Filmworks, Vintage Pictures

BLIAIN: 2018

FAD: 101 nóiméad

SEÁNRA: Ficsean

TÍORTHA: An Íoslainn, an Fhrainc agus an Úcráin

BUNLEAGAN: Íoslainnis (móide Béarla agus Spáinnis)

DÁILITHEOIR(Í): Picturehouse
(An Ríocht Aontaithe, Éire, Málta)

Arna chríochnú i mí Iúil 2018





© Slot_Machine



© Slot_Machine